Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14530/19**

**FISC 456**
**ECOFIN 1074**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Nollaig 2019 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14115/19 FISC 445 ECOFIN 1006 |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle (5 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a ghlac an Chomhairle ag an 3736ú cruinniú a bhí aici ar an 5 Nollaig 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá bainte amach ag an Meitheal um Chód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Fionlainne**

Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Comhairle an méid seo a leanas:

1. Cuireann sí in iúl GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Fionlainne mar a leagtar amach sa tuarascáil uaithi (14114/19 + ADD 1-10);

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair i gcomhréir lena pacáiste oibre ilbhliantúil 2018 (10420/18);

3. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

4. FORMHUINÍONN SÍ an treoir maidir le córais asbhainte úis bharúlaigh a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit ar mian leo córas den chineál sin a chur chun feidhme an treoir a leanúint;

5. FORMHUINÍONN SÍ an measúnú ar chomhlíonadh Threoir COCG 2013 maidir le cuideachtaí idirmheánacha (maoiniú, ceadúnú) ag na Ballstáit, agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme a nótaí treorach a thug sí roimhe seo;

6. I dtaca le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, FORMHUINÍONN SÍ an dóigh ar réitigh an Mheitheal na saincheisteanna nós imeachta agus polaitiúla a tháinig chun cinn sa phróiseas faireacháin ar chur chun feidhme na ngealltanas a thug dlínsí;

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal tús a chur leis an measúnú ar na córais nua-aitheanta maidir le díolúintí ioncaim ó fhoinse eachtrach a liostaítear sa tuarascáil uaithi;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal dul i mbun plé an athuair agus comhaontú a lorg maidir le critéar 1.4 a bheidh ann amach anseo (malartú faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil);

9. FORMHUINÍONN SÍ an cur chuige gníomhaíochtbhunaithe a chomhaontaigh an Mheitheal i ndáil leis na ceanglais do chomhpháirtíochtaí faoi chritéar 2.2 a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus an cur chuige comhchoiteann chun malartú faisnéise le dlínsí faoin gcritéar céanna a ghníomhachtú;

10. FORMHUINÍONN SÍ an Treoir maidir le bearta cosanta a chomhordú a thuilleadh i réimse na cánach a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le tuarascáil na Meithle agus IARRANN SÍ ar an Meitheal measúnú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ag an gcéad chéim. Mar dhara céim, IARRANN SÍ ar an Meitheal measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí agus a chomhleanúnaí atá cur chun feidhme na mbeart cosanta a chuirtear ar fáil leis an Treoir agus tuarascáil rialta a chur faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart an measúnú ar éifeachtacht a dhéanamh trí athrú dearfach a thomhas a mbeadh sé mar thoradh air go mbainfí dlínsí ó liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Cróite.